Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/839

4.2.2026

**Fógra le haghaidh Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC), grúpa atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine**

(C/2026/839)

Dírítear aird Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC), grúpa atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES ([1]), agus in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 ([2]), ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá sé i gceist ag an gComhairle an grúpa thuasluaite a áireamh ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES ([3]) agus in Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus ar eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac ([4]).

Cuirtear in iúl do IRGC, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh sé an dréachtráiteas ar chúiseanna, **roimh an 11 Feabhra 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

([1]) IO L 195, 27.7.2010, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/413/oj.
([2]) IO L 88, 24.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/267/oj.
([3]) IO L 344, 28.12.2001, lch. 93, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2001/931/oj.
([4]) IO L 344, 28.12.2001, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/2580/oj.